Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14051/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0336(NLE)**

**ACP 98**
**FIN 1039**
**PTOM 18**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13916/23 + ADD 1 - COM(2023) 553 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2025, an méid bliantúil le haghaidh 2024, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2024 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027<br>– Glacadh |

1. An 6 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2025, an méid bliantúil le haghaidh 2024, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2024 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027[1].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin (Meitheal ACC) an togra ón gCoimisiún agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na Meithle maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2023.

[1] 13916/23 + ADD 1.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír 'A' ar an gclár oibre:

– an cinneadh a ghlacadh, mar a leagtar amach in 14049/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe dá bhforáiltear in Airteagal 8 den Chomhaontú Inmheánach is infheidhme maidir leis an 11ú CEF[2];

– a iarraidh go bhfoilseofar an cinneadh san Iris Oifigiúil.

---

[2] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1.